**Loga Nochtadh Saoráil Faisnéise**

**(iarrataí neamhphearsanta amháin)**

## Suas go dtí - Ráithe 2 2026 agus í sin san áireamh

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 23 Meitheamh 2026 | Taifid a cruthaíodh nó a coinníodh idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2025 maidir le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) agus socruithe maidir le formhaoirseacht ar chaiteachas poiblí a bhaineann leis an earnáil.<br><br>1. Faisnéis comhlíontachta chomhiomlán agus anaithnidithe<br>Aon taifid chomhiomlán, anaithnidithe, staitistiúla, achoimre nó ardleibhéil, lena n-áirítear tuarascálacha, nótaí faisnéisithe, meabhráin, láithreoireachtaí, cláir eolais nó achoimrí inmheánacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas:<br>• catagóirí nó treochtaí neamhcomhlíontachta a sainaithníodh laistigh d’earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• easnaimh rialachais nó ábhair imní maidir le formhaoirseacht a sainaithníodh i ndáil le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• laigí i ndáil le rialú airgeadais, ábhair imní maidir le soláthar, nó saincheisteanna cuntasachta a bhaineann le caiteachas cistí poiblí ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• fadhbanna sistéamacha athfhillteacha a sainaithníodh i measc go leor Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• achoimrí ar ábhair imní rialála nó rialachais, arna n-ullmhú chun críocha bainistíochta, formhaoirseachta nó faisnéisithe.<br><br>Chun aon amhras a sheachaint, níl an iarraidh seo ag lorg páipéir oibre iniúchóireachta, faisnéis faoi thionóntaí, sonraí pearsanta, ná taifid lena sainaithnítear daoine príobháideacha.<br><br>2. Comhfhreagras maidir le formhaoirseacht ar chaiteachas poiblí<br>Cóipeanna de chomhfhreagras, lena n-áirítear | Diúltaithe faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 29 Meitheamh 2026 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | ríomhphoist, litreacha, nótaí faisnéisithe, taifid cruinnithe, aighneachtaí nó meabhráin, idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus:<br>• an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;<br>• an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• údaráis áitiúla; nó<br>• comhlachtaí poiblí eile,<br><br>i gcás ina mbaineann comhfhreagras den sórt sin leis na nithe seo a leanas:<br>• socruithe maidir le formhaoirseacht ar chaiteachas poiblí a bhaineann le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• creataí rialachais nó cuntasachta d'earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe;<br>• ábhair imní maidir le formhaoirseacht airgeadais, úsáid cistí poiblí, comhlíonadh rialála, nó rioscaí sistéamacha rialachais;<br>• tograí, moltaí nó plé maidir le sásraí formhaoirseachta nó rialála a neartú laistigh den earnáil.<br><br>Tá sé i gceist leis an iarraidh seo taifid ardleibhéil agus riaracháin a lorg a bhaineann le formhaoirseacht ar chaiteachas poiblí agus le socruithe rialachais. Níl sé i gceist modheolaíochtaí iniúchóireachta rúnda, páipéir oibre iniúchóireachta oibríochtúla, ná taifid a bhfuil a nochtadh toirmiscthe de réir dlí a lorg. | | |
| 30 Aibreán 2026 | Cóip den chlár rioscaí corparáideacha is déanaí don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. B'fhearr liom an fhaisnéis sin a fháil go leictreonach, agus b'fhearr fós í a fháil ina bunfhormáid leictreonach. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(d) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 29 Bealtaine 2026 |
| 06 Eanáir 2026 | Aon taifead ón 1 Eanáir 2020 go dtí seo a bhaineann le caiteachas airgid phoiblí ar ardáin meán sóisialta/cuntais úsáideora a rinne ranna rialtais, comhlachtaí earnála poiblí, comhlachtaí reachtúla, aon eintiteas nó ciste eile laistigh de shainchúram reachtúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. | Diúltaithe faoi Alt 42 (g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 29 Eanáir 2026 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 26 Nollaig 2025 | Rochtain ar thaifid atá i seilbh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhaineann le hiniúchtaí, athbhreithnithe, scrúduithe nó maoirseacht ar chuntais bhainc an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cuntais a úsáidtear i riarachán eastát féimheachta. Áiríodh leis an iarraidh sonraí maidir le cuntas bainc sonraithe.<br>Gan teorainn, áiríodh leis an iarraidh sin an méid seo a leanas ón 1 Eanáir 2013 go dtí seo:<br>• Aon iniúchadh, cigireacht, imscrúdú nó athbhreithniú inmheánach/seachtrach (cibé acu atá siad críochnaithe, ar siúl, nó beartaithe) a bhaineann leis an gcuntas bainc sonraithe.<br>• Aon chomhfhreagras, doiciméad, meamram, tuarascáil, nóta faisnéise, treoir nó ríomhphost a thagraíonn do na nithe seo a leanas;<br>  ○ Iniúchadh na gcuntas sin, nó<br>  ○ Leordhóthanacht na rialuithe airgeadais, an rialachais, nó na maoirseachta i ndáil leo<br>• Aon taifead maidir le hábhair imní, saincheisteanna, aimhrialtachtaí, nó neamhrialtachtaí a ardaíodh go hinmheánach nó go seachtrach i leith oibriú, bhainistiú nó réiteach na gcuntas sin.<br>• Aon chomhfhreagras nó rannpháirtíocht idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus<br>  ○ Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht,<br>  ○ Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann nó<br>  ○ Aon chomhlacht maoirseachta, iniúchóireachta, cigireachta nó rialála eile a bhaineann leis na cuntais thuas. | Diúltaithe faoi Alt 42 (g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 26 Eanáir 2026 |
| 16 Nollaig 2025 | Rochtain ar thaifid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:<br>• Soláthar trealaimh do bhaill foirne lena gcuireann ar a gcumas oibriú ón mbaile (cianobair) | Diúltaíodh don iarratas faoi Alt 15 (1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 16 Eanáir 2026 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | • An buiséad bliantúil a leithdháileadh chun an trealamh sin a athsholáthar.<br>Más féidir, cuir san áireamh aon doiciméad nó cumarsáid le bliain anuas a bhaineann leis na topaicí sin. | | |
| 20 Deireadh Fómhair 2025 | Lorgaíodh sonraí maidir le dréacht-achomharc ar iarratais phleanála ó ÚABÁC chun uasteorainn na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhéadú agus ceist amháin gan réiteach: Cé a d'íoc an €8.34m – Cé a fuair an €8.34m. Bhí cóip d'Ionstraim Reachtúil (IR) Uimh. 577/2023 arna heisiúint ag POF Chomhairle Contae Fhine Gall faoina séala oifigiúil féin i gceangal leis an iarratas. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 14 Samhain 2025 |
| 26 Lúnasa 2025 | Aon mheamram, ciorclán, nó comhfhreagras uile-earnála arna n-eisiúint ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nó an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta sa bhliain 2023 go dtí an bhliain 2025 ina dtagraítear do neamhchomhlíonadh soláthair in institiúidí ardoideachais. Gan taifid a rinneadh le linn an iniúchta ar aon institiúid aonair, nó chun na gcríoch sin, san áireamh. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 22 Meán Fómhair 2025 |
| 12 Lúnasa 2025 | Rochtain ar na taifid don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an t-am i láthair**,** gan taifid a rinneadh le linn iniúchta, cigireachta, imscrúdaithe, nó scrúdú ar thug an Oifig fúthu faoi Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó chun na gcríoch sin, san áireamh**.** Is maidir le taifid réamhiniúchta agus le gnáthábhar riaracháin/rialachais amháin é an t-iarratas seo:<br>1. Taifid a bhaineann le maoirseacht an Údaráis um Ard-Oideachas ar cheapacháin leas-uachtaráin shinsearaigh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (OTO)**,** lena n-áirítear:<br>• Comhfhreagras, nótaí inmheánacha, nó seisiúin eolais ina bpléitear dearadh nó cur chun feidhme struchtúr ceannaireachta sinsearaí OTO, lena n-áirítear róil an **L**eas-Uachtaráin Shinsearaigh a fógraíodh go luath sa bhliain 2025.<br>• Aon tagairt do ról sainchomhairleoirí seachtracha (m.sh. Forvis Mazars) | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 8 Meán Fómhair 2025 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | maidir le hearcú nó le dearadh na ról sin.<br>• Rialachas, coinbhleacht leasa, nó cáipéisíocht atá bainteach le riosca a bhaineann leis na ceapacháin sin.<br>2. Taifid ina bpléitear aon athbhreithneoir CINNTE a ghlac páirt san athbhreithniú institiúide ar OTO sa bhliain 2024 agus a ceapadh, nó a ghlac páirt, in earcú róil an Leas-Uachtaráin Shinsearaigh ag OTO ina dhiaidh sin, lena n-áirítear:<br>• Aon cháipéisíocht ina dtagraítear dá leithéid de rannpháirtíocht.<br>• Aon treoir maidir le coinbhleacht leasa nó nótaí rialachais a bhaineann lena leithéid d'fhorluí.<br>3. Comhfhreagras idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus/nó OTO nó Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ina dtagraítear do:<br>• Earcú róil an Leas-Uachtaráin Shinsearaigh ag OTO sa bhliain 2025; agus/nó<br>• Gníomh leantach rialachais institiúide nó impleachtaí a thiocfaidh chun cinn de bharr athbhreithniú CINNTE ar OTO sa bhliain 2024.<br>4. Taifid a bhaineann le hiarratais OTO ar an gCiste um Forbairt na hEarnála Teicneolaíochta (CFET) agus taifid a bhaineann lena úsáid**,** lena n-áirítear:<br>• Iarratais ar mhaoiniú, cásanna gnó, nó cosaint tionscadail a cuireadh isteach ag OTO le haghaidh athdhearadh eagraíochta nó ceapacháin cheannasaíochta (lena n-áirítear róil an Leas-Uachtaráin Shinsearaigh).<br>• Tuarascálacha, measúnachtaí, nó tuairisceáin airgeadais a fuarthas ó OTO nó an tÚdarás um Ard-Oideachas maidir le cur chun feidhme na dtionscadal sin.<br>• Cáipéisíocht nó comhfhreagras a dhéanann tagairt d'fhaomhadh, d'úsáid, nó d'íocaíocht | | |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | sainchomhairleoirí seachtracha (m.sh. Mazars) faoi mhaoiniú an CFET.<br>Chun críocha an iarratais sin, áirítear le "taifid" ríomhphoist, litreacha, nótaí cruinnithe, ábhair faisnéisithe, tuarascálacha, agus ceangaltáin, ach níl siad teoranta don mhéid sin. | | |
| 19 Meitheamh 2025 | Cóip d'aon chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Bord agus/nó Príomhfheidhmeannach Iascach Intíre Éireann agus/nó an tAire Comhshaoil maidir le hathbhreithniú ar rialú inmheánach agus na ceisteanna a tháinig chun cinn dá bharr ó mhí Eanáir 2025. Ba é ba rogha cáipéisí a iarradh a fháil ina mbunfhormáid leictreonach. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 3 Iúil 2025 |
| 28 Aibreán 2025 | Gach taifead atá againn a bhaineann le cuideachta shonraithe. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 27 Bealtaine 2025 |
| 2 Aibreán 2025 | Cóip de thorthaí an tsuirbhé foirne/suirbhé sástachta foirne is déanaí a rinneadh in oifigí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip den chlár riosca is déanaí don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. | Deonaithe go páirteach. Eolas i ndáil le clár riosca diúltaithe faoi Alt 15(1)(d) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 2 Bealtaine 2025 |
| 4 Márta 2025 | Cóip d'aon chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a Roinn líne maidir lena leithdháileadh i mBuiséad 2025 agus cóip d'aon chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a Roinn líne maidir le ganntanas foirne agus/nó deacrachtaí earcaíochta sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí seo. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 2 Aibreán 2025 |
| 10 Feabhra 2025 | Taifid ar gach conradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) a bronnadh gan próiseas iomaíoch idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollag 2024, de réir na dtreoirlínte i gCiorclán 05/2023 den Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ba é ba rogha na cáipéisí a iarradh a fháil i bhformáid leictreonach. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise | 6 Márta 2025 |
| 6 Feabhra 2025 | Cuireadh cóip d'Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh.: 577/2023 arna heisiúint ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (P.O.F.) Chomhairle Contae Fhine Gall faoi iamh faoina séala oifigiúil féin chomh maith le hiarraidh ar fhaisnéis:<br>• cad é foinse an Chistithe i dtaobh na híocaíochta €1,400,000 a éilíodh faoin I.R. seo? | Diúltaithe faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 18 Feabhra 2025 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | • Tá an I.R. seo ar cheann de 6 uimh. arna n-eisiúint ag P.O.F. Chomhairle Contae Fhine Gall arb ionann an méid iomlán agus €8,340,000<br>• Ar íocadh an t-airgead sin ó chistí na Ranna Iompair nó ó chistí Rialtais eile trí I.R.anna a úsáid mar 'Bhillí Airgid'?<br>An bhfuil an t-airgead sin incháilithe mar "chaiteachas a thabhóidh an tAire" faoi Airteagal 7 den: - Acht/Rialachán um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath), 2019? | | |
| 28 Eanáir 2025 | Cuireadh cóip d'Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh.: 577/2023 arna heisiúint ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (P.O.F.) Chomhairle Contae Fhine Gall faoi iamh faoina séala oifigiúil féin chomh maith le hiarraidh ar fhaisnéis:<br>• cad é foinse an Chistithe i dtaobh na híocaíochta €1,400,000 a éilíodh faoin I.R.<br>• Tá an I.R. seo. ar cheann de 6 uimh. arna n-eisiúint ag an P.O.F. Chomhairle Contae Fhine Gall arb ionann an méid iomlán agus €8.35 milliún<br>• Ar íocadh an t-airgead sin ó chistí na Roinne Iompair trí I.R. a úsáid mar chineál 'Bille Airgid'. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 6 Feabhra 2025 |
| 5 Samhain 2024 | Cóip d'aon chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Turasóireachta, Ealaíon agus Cultúir maidir le tograí le haghaidh na hOifige a bheith ina hiniúchóir do RTÉ. Leis an iarraidh sin, clúdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta reatha. Ba é an rogha a bhí ann an fhaisnéis a fháil go leictreonach, go hidéalach ina formáid leictreonach bhunaidh. | Cuid a deonaíodh ar an mbonn gur bhain roinnt comhfhreagrais le comhairle dlí agus dá bhrí sin nár eisíodh faoi Alt 31(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 3 Nollaig 2024 |
| 4 Deireadh Fómhair 2024 | Doiciméadacht agus taifid maidir le gníomhaíochtaí airgeadais agus úsáid acmhainní stáit ag an iar-Thaoiseach Cathal Ó hEochaidh sna réimsí seo a leanas le linn a thréimhse in oifig agus níos faide i gcéin;<br>• Úsáid cistí Stáit le haghaidh caiteachas pearsanta<br>• Tabhartais charthanúla agus mí-iompar airgeadais<br>• Athchóiriú agus cothabháil Státchistithe i dTeach Chionn tSáile<br>• Cúnamh airgeadais tar éis dó éirí as<br>• Costais arna dtabhú ar thurais | Diúltaíodh don iarratas faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 31 Deireadh Fómhair 2024 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | eachtracha agus ar thaidhleoireacht<br>• Imscrúduithe ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí<br>• Gardaí a úsáid le haghaidh timireacht phearsanta<br>• Ealaín phearsanta agus capaill a fháil agus a chothabháil<br>• Idirbhearta airgeadais agus iasachtaí do Bhainc-Aontas Éireann (AIB)<br>• Conarthaí Stáit a dhámhachtain do ghnólachtaí comhlachaithe<br>• Bronntanais agus síntiúis a fuair Cathal Ó hEochaidh<br>Imscrúduithe a bhaineann le mí-iompar líomhnaithe. | | |
| 3 Deireadh Fómhair 2024 | Cóip de na taifid uile atá á gcoimeád a thagraíonn nó a bhaineann le teacht salach ar na dátaí idir foilsiú thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an fógra maidir le Buiséad 2025. Cumhdóidh an iarraidh an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an dáta reatha. Ba é an rogha a bhí ann an fhaisnéis a fháil go leictreonach, go hidéalach ina formáid bhunaidh. | Diúltaíodh don iarratas faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 31 Deireadh Fómhair 2024 |
| 30 Meán Fómhair 2024 | Sonraí faoin teagmháil ar fad idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus duine ainmnithe. | Diúltaíodh don iarratas faoi Alt 15 (1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 25 Deireadh Fómhair 2024 |
| 28 Lúnasa 2024 | Aon taifead ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2017 a chuir imní in iúl maidir le díolachán Arramara Teo ag Údarás na Gaeltachta. | Diúltaithe faoi Alt 42 (g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 23 Meán Fómhair 2024 |
| 5 Lúnasa 2024 | Cóipeanna de gach ráiteas cárta creidmheasa do Nollaig 2023, Eanáir 2024 agus Meitheamh 2024 agus gach ráiteas cuntais bainc do Nollaig 2023, Eanáir 2024 agus Meitheamh 2024. | Géilleadh don iarraidh | 30 Lúnasa 2024 |
| 28 Meitheamh 2024 | Sonraí maidir leis na trí bliana cuntasaíochta is déanaí ina n-iomláine, 2021, 2022 agus 2023, líon na gcásanna agus an méid iomlán i gceist, sa chás go ndearna an tOifigeach Cuntasaíochta den Vóta ARC&C fiachais ró-íocaíochta i leith pá/costas a dhíscríobh. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) agus Alt 15(1)(d) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 24 Iúil 2024 |
| 29 Bealtaine 2024 | Sonraí faoin airgead a chaitear ar earraí, ar sheirbhísí, ar bhia nó ar earraí eile ó liosta de 16 chuideachta.<br><br>Ba é an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 25 Bealtaine 2024 an tréimhse ama don iarraidh. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 25 Meitheamh 2024 |
| 4 Nollaig 2023 | Cóipeanna de dhoiciméid a bhaineann leis an gcéatadán den bhille don Choimisiún chun | Diúltaíodh géilleadh don | 22 Nollaig 2023 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, ar a dtugtar Fiosrúchán Ryan, agus don Bhord Sásaimh, a bhí íoctha ag na hocht n-ord reiligiúnacha dhéag a reáchtáil forais ina ndearnadh drochúsáid ar leanaí suas go dtí an 1 Nollaig 2023. | iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | |
| 28 Samhain 2023 | Cóip iomlán de Chlár Ginearálta Sócmhainní Seasta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh gach ceann de na cúig bliana seo a chuaigh thart. Ba cheart liostaí de bhreiseanna agus diúscairtí le haghaidh gach bliana a chur ar áireamh inti.<br>Cóip iomlán de Chlár Ginearálta Rioscaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh gach ceann de na cúig bliana seo a chuaigh thart. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 15(1)(d) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 22 Nollaig 2023 |
| 8 Samhain 2023 | Gach cumarsáid idir an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhthéacs Thuarascáil Speisialta 96 – Costas an Fhiosrúcháin agus an tSásaimh maidir le Drochúsáid Leanaí. Áireofar iad seo a leanas leis na taifid:<br>• comhfhreagras inmheánach agus seachtrach (lena n-áirítear comhfhreagras idir gníomhaireachtaí),<br>• miontuairiscí ar chruinnithe,<br>• nótaí nó meamraim i ndáil le pléití nó glaonna teileafóin.<br>Ba é an tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2017 an tréimhse ama don iarraidh. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 5 Nollaig 2023 |
| 3 Deireadh Fómhair 2023 | Mionsonraí faoi iniúchtaí uile an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ollscoil Luimnigh do na blianta 2019, 2020, 2021 agus 2022. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 10 Deireadh Fómhair 2023 |
| 30 Meán Fómhair 2023 | Cóipeanna den chomhfhreagras, idir an 1 Iúil 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2023, idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Oifig Uachtarán Ollscoil Luimnigh maidir le hiniúchtaí ar Ollscoil Luimnigh in 2021 agus 2022. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 10 Deireadh Fómhair 2023 |
| 29 Meitheamh 2023 | Cóip iomlán de mhórleabhar ginearálta na Roinne do 2020 – 2022. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis na míreanna agus mionsonraí uile ónar chomhlánaigh an Vóta a Chuntais Leithreasa Bhliantúla do na blianta dar críoch 2020 – 2022. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi Alt 15(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. | 26 Iúil 2023 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 1 Bealtaine 2023 | Gach leagan den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, atá de dhualgas ag gach eagraíocht a bheith acu de réir an Acht Aeráide, le<br>• sonraí iomlán de gach Phleann a bhí agat ó dul-i-bhfeidhm an Achta<br>• dáta ar a foilsíodh gach Plean<br>• dáta ar a chuaigh gach Plean i bhfeidhm<br>• an méid airgead, miondhealaithe de réir cúiseanna na gcoastas, a caitheadh ar chruthú agus ar chur i bhfeidhm gach Plean. | Géilleadh don iarraidh | 30 Bealtaine 2023 |
| 17 Aibreán 2023 | Gach ráiteas leasa/gach nochtadh coinbhleachta leasa (dóibh féin agus dá dteaghlach) de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, arna gcur isteach ag gach aire comh-aireachta, a gcomhairleoirí speisialta agus comhaltaí reatha agus iarchomhaltaí bhord FSS, NPHET, NIAC agus HPRA do na cúig bliana seo atá imithe thart. | Aistrithe faoi Alt 12 (3) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. | 21 Aibreán 2023 |
| 27 Márta 2023 | Cóipeanna de na taifid go léir a bhaineann le huimhir thuairisce 98 ar Sholáthar Iompair Scoile, lena n-áirítear<br>• an dréacht-tuarascáil roimh an tuarascáil iniúchóireachta bhunaidh agus aon tuarascálacha nó aguisíní ina dhiaidh sin a bhaineann leis an iniúchadh ar iompar scoile.<br>• gach comhfhreagras, ríomhphost agus cumarsáid eile idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Bus Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, nó aon pháirtithe ábhartha eile maidir le hiniúchadh ar iompar scoile.<br>• gach páipéar oibre, nóta, agus doiciméad eile a chruthaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn an iniúchta ar iompar scoile.<br>• aon tuarascálacha nó moltaí a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le hiompar scoile tar éis an t-iniúchadh a chur i gcrích.<br>• aon taifid a bhaineann le glanbhrabús a chinneadh d'iompar scoile, chomh maith le haon chomhfhreagras nó cumarsáid a bhaineann leis an tsaincheist. | Diúltaíodh géilleadh di faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 21 Aibreán 2023 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | • Má chuimsíonn aon taifid iarrtha faisnéis atá díolmhaithe ó nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, sceideal de thaifid den sórt sin ina léirítear na cúiseanna a bhfuil siad díolmhaithe. | | |
| 8 Márta 2023 | Cóipeanna d'aon dréachtaí de thuarascáil Alt 2 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le scaoileadh neamhúdaraithe cistí ó Phríomh-Chiste an Státchiste agus<br>• cóipeanna d'aon dréacht-téacs do thuarascáil Alt 2 a chuir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chuig an mBanc Ceannais nó chuig an Roinn Airgeadais.<br>• cóipeanna d'aon chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Banc Ceannais nó an Roinn Airgeadais maidir le hullmhúcháin do thuarascáil Alt 2.<br>• cóip de threoir réamhiniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chás Alt 2 seo go háirithe agus aon nuashonruithe ar an treoir sin sular críochnaíodh an tuarascáil deiridh. | Diúltaíodh géilleadh di faoi Alt 42(g) agus Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 28 Márta 2023 |
| 5 Eanáir 2023 | Faisnéis faoi cé chomh minic is a rinneadh iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar airgead Bhosca Déirce na Cúirte, go háirithe sna seacht mbliana go dtí 2018 agus go háirithe faoi fháltais Thrá Lí agus faoi fhionnachtana na n-iniúchtaí sin, más ann dóibh. | Diúltaíodh géilleadh di faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. | 24 Eanáir 2023 |
| 12 Nollaig 2022 | Mionsonraí a bhaineann leis an soláthar agus an conradh le haghaidh trealamh priontála in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Mar shampla, an líon gléasanna arna soláthar, dáta tosaithe agus dáta deiridh an chonartha, roghanna maidir leis an gconradh a fhadú, an bealach chun margaidh arna úsáid, luach iomlán measta an chonartha. | Freagraíodh don iarraidh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 12 Eanáir 2023 |
| 22 Samhain 2022 | Cóip de pháipéar a cuireadh isteach chuig cruinniú an Bhoird Iniúchóireachta a tionóladh an 25 Márta 2022 le haghaidh an chláir iniúchtaí airgeadais. | Géilleadh go páirteach don iarraidh. Folaíodh cuid den ábhar ar aon dul le hAlt 42(g) agus Alt 30(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. | 20 Nollaig 2022 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 6 Meán Fómhair 2022 | Athbhreithniú ar dhá chonradh atá ag na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh seirbhísí gutháin agus sonraí líonra mhóibíligh agus le haghaidh spás stórála a fháil ar cíos, arb ionann a luach comhcheangailte agus €115,078, agus ar measadh iad a bheith neamh-chomhlíontach san iniúchadh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2021. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 13 Meán Fómhair 2022 |
| 6 Meán Fómhair 2022 | Liosta de na heintitis uile a ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu agus ina n-áirítear sa tuarascáil iniúchta ina leith cineál éigin coinníll nó béime ar cheist nó ina ndéantar suntas de cheist de chineál eile. | Géilleadh don iarraidh | 16 Meán Fómhair 2022 |
| 14 Iúil 2022 | An comhfhreagras ar fad, lena n-áirítear ríomhphoist agus litreacha, idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Bord Pleanála, dar dáta aon dáta idir an 1 Aibreán 2022 agus an 10 Iúil 2022, lena n-áirítear comhfhreagras ina luaitear ainm pearsan aonair. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 12 Lúnasa 2022 |
| 20 Meitheamh 2022 | Mionsonraí faoi na conarthaí uile do cheamaraí TCI arna soláthar ó 2017 go dtí an lá atá inniu ann (lena n-áirítear an soláthraí, ainm an táirge, an uimhir múnla, an costas, fad an chonartha agus taifid ina luaitear acmhainneacht na gceamaraí TCI, amhail an aghaidh-aithint, an scanachán teochta/teirmeach, an anailís iompraíochta agus an cumas chun nithe a bhrath nó chun déimeagrafaigh a bhrath). Maidir leis na ceamaraí TCI uile arna soláthar idir 2019 agus an lá atá inniu ann, na cáipéisí agus an comhfhreagras a bhaineann leis an gcuideachta ar dámhadh an conradh di. | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh faoi alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 8 Iúil 2022 |
| 23 Bealtaine 2022 | Bonn dlíthiúil leis an iniúchadh a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Amharclann na Mainistreach. | Freagraíodh don iarraidh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise. | 21 Meitheamh 2022 |
| 2 Márta 2022 | An comhfhreagras oifigiúil go léir (ceangaltáin san áireamh) idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a máthair-roinn/RCPA maidir le hacmhainní, soláthar foirne agus soláthairtí cistiúcháin a leithdháileadh roimh Bhuiséad 2022. | Géilleadh don iarraidh | 1 Aibreán 2022 |
| 17 Feabhra 2022 | An comhfhreagras go léir idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ITGM le linn 2021 a bhaineann le comhpháirtíocht agus/nó meabhrán tuisceana na hinstitiúide tríú leibhéal le Rugbaí Chonnacht. | Diúltaíodh don iarraidh faoi Alt 42(g) den Act um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 2 Márta 2022 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 2 Feabhra 2022 | Cóip den dréacht-tuarascáil ó Mheán Fómhair 2012 maidir leis an togra Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARCC) agus Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil a chumasc, an chomparáid idirnáisiúnta agus an tuarascáil a leanann uaithi. | Géilleadh don iarraidh | 1 Márta 2022 |
| 21 Deireadh Fómhair 2021 | Caiteachas fógraíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó mhí an Mhárta 2020 go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 agus an sciar den chaiteachas sin a bhain le fógraíocht Covid-19. | Páirtscaoilte. Sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de a atheagraíodh (Alt 36 (1) (b) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014). | 19 Samhain 2021 |
| 16 Meán Fómhair 2021 | Cóip de threoir réamhiniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (i leith cúis imní maidir le clár linn snámha na n-údarás áitiúil) chuig na pleanálaithe iniúchóireachta d'iniúchadh 2021 de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. | Scaoilte | 12 Deireadh Fómhair 2021 |
| 8 Iúil 2021 | Sonraí faoi dhrochfhiachas a dhíscríobh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun aerálaithe a sholáthar, mar a tuairiscíodh le déanaí. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 14 Iúil 2021 |
| 28 Meitheamh 2021 | I dtaobh straitéis LADTIA an rialtais chun infheictheacht an phobail LADTIA a chur chun cinn, taifid a shealbhaítear maidir le (i) pleananna le haghaidh saoráidí leithris inscne-neodracha a sholáthar san ionad oibre, (ii) plé maidir le saoráidí leithris do dhaoine atá ag tabhairt faoi aistriú inscne, (iii) aon mheasúnuithe riosca ar thograí leithris, agus (iv) leithris do dhaoine faoi mhíchumas a úsáid mar roghanna inscne-neodracha don Oifig. | Diúltaithe faoi Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 14 Iúil 2021 |
| 9 Aibreán 2021 | An t-am a chaith an Oifig ar Iniúchtaí ar an Roinn Iompair agus gach ceann dá fochuideachtaí; MeitreoThuaidh, BRT (Meariompar Bus), Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Luas, DART (Mearlíne Átha Cliath), MetroLink, Busconnects, agus ÚNI (an tÚdarás Náisiúnta Iompair) ó 2001 go 2021. | Páirtscaoilte | 6 Bealtaine 2021 |
| 20 Feabhra 2021 | Léasanna, Conarthaí, nó Comhaontuithe os cionn €25,000 a dhámh Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do sholáthraithe seirbhíse, gan aon seirbhís iomaíoch, do na blianta 2018, 2019 agus 2020 agus a d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sna Cuntais | Tarraingthe Siar | 3 Márta 2021 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| | Leithreasa. | | |
| 18 Feabhra 2021 | Cóipeanna de SIFC (ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais) a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sna blianta 2007-2011, agus an dá bhliain sin san áireamh. | Diúltaithe faoi Alt 42(g)(i) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 4 Márta 2021 |
| 30 Nollaig 2020 | Miontuairiscí ar gach uile chruinniú de bhord/údarás rialaithe/coiste bainistíochta na heagraíochta nó d'údarás lárnach coibhéiseach a tionóladh in 2020, chomh maith le miontuairiscí ar gach uile chruinniú den bhord/den údarás rialaithe/den choiste bainistíochta, nó d'údarás lárnach coibhéiseach a tionóladh in 2020, nó d'aon eagraíochtaí eile a bhfuil an oifig seo mar phointe teagmhála dóibh. | Scaoilte | 26 Eanáir 2021 |
| 30 Samhain 2020 | Taifid a sealbhaíodh maidir le "Tionscadal Lonnaíochtaí Locha" an Chláir Fionnachtana | Diúltaithe faoi Alt 42(g)(i) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 10 Nollaig 2020 |
| 3 Márta 2020 | Barántas ceapacháin an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | Scaoilte | 12 Márta 2020 |
| 18 Feabhra 2020 | Taifid a a bhaineann le Tuarascáil Speisialta 98, Soláthar an Iompair Scoile, agus aird á tabhairt ar an mbrabús agus/nó ar na cúlchistí dá dtagraítear sa tuarascáil. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) agus Alt 15(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 13 árta 2020 |
| 13 Eanáir 2020 | Miontuairiscí ar gach uile chruinniú de bhord/údarás rialaithe/coiste bainistíochta na hOifige nó d'údarás lárnach coibhéiseach a tionóladh in 2019, chomh maith le miontuairiscí ar gach uile chruinniú den bhord/den údarás rialaithe/den choiste bainistíochta, nó d'údarás lárnach coibhéiseach a tionóladh in 2019, nó d'aon eagraíochtaí eile a bhfuil an Oifig seo mar phointe teagmhála dóibh. | Scaoilte | 6 Feabhra 2020 |
| 3 Deireadh Fómhair 2019 | Gach taifead a bhaineann leis an iniúchadh ar Tait House Community Enterprise (CLG), Southill, Luimneach, chomh maith leis an bhfaisnéis uile a bhaineann le baill foirne agus le maoiniú a n-oifige. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 10 Deireadh Fómhair 2019 |
| 30 Meitheamh 2019 | Ráiteas iomlán maidir le scóip an iniúchta inmheánaigh ón Oifig do chomhlachtaí leathstáit i.e. athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh a cheanglaítear de réir catagóire. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 18 Iúil 2019 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 28 Bealtaine 2019 | Taifid a bhaineann leis an dícheadú féideartha a tharraing an Coimisiún Eorpach anuas i ndáil le híocaíochtaí feirme limistéarbhunaithe agus a tuairiscíodh i dTuarascáil Speisialta 105 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste — Idirbhearta na hÉireann le AE in 2017. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 7 Meitheamh 2019 |
| 18 Feabhra 2019 | Taifid a bhaineann leis an gclár soláthair Árthaí Eischósta de chuid na Roinne Cosanta ó 2010 i leith. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 25 Feabhra 2019 |
| 18 Eanáir 2019 | Taifid a bhaineann leis an gclár soláthair Árthaí Eischósta de chuid na Roinne Cosanta ó 2010 i leith. | Freagra tugtha lasmuigh den Acht um SF | 30 Eanáir 2019 |
| 16 Eanáir 2019 | Taifid a bhaineann leis na ticéid pheile a cheannaigh an Roinn Cosanta ar chostas os cionn €1,000 sna blianta 2010 go 2013. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 12 Feabhra 2019 |
| 14 Eanáir 2019 | Fiosrú maidir le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte um Sholáthar Poiblí. | Freagra tugtha lasmuigh den Acht um SF | 15 Feabhra 2019 |
| 19 Nollaig 2018 | Taifid a bhaineann le tuarascálacha/obair sainchomhairleoireachta a rinne Peter Smyth Management Consultants thar ceann OCAG ó 2012 go dtí seo. | Ní raibh aon taifid le scaoileadh | 14 Eanáir 2019 |
| 5 Meán Fómhair 2018 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar FSS (Táillí Iniúchta). | Scaoite | 3 Deireadh Fómhair 2018 |
| 4 Meán Fómhair 2018 | Taifid a bhaineann le rátaí muirearaithe OCAG. | Scaoilte | 3 Deireadh Fómhair 2018 |
| 4 Meán Fómhair 2018 | Taifid a bhaineann le hIniúchtaí ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 26 Meán Fómhair 2018 |
| 10 Lúnasa 2018 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar an Roinn Cosanta; Próifílí ioncaim agus caiteachais míosúla na hOifige, 2011-17. | Páirtscaoilte | 7 Meán Fómhair 2018 |
| 7 Lúnasa 2018 | (i) Taifid a bhaineann le litreacha rannpháirtíochta agus bainistíochta arna n-eisiúint chuig Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann; (ii) an táille iniúchta a gearradh agus líon na n-uaireanta foirne a oibríodh ar an iniúchadh ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann do na blianta 2015, 2016 agus 2017 | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/Níor Scaoileadh aon Taifid a Sealbhaíodh | 30 Lúnasa 2018 |
| 5 Lúnasa 2018 | Fiosrú maidir le soláthar foirne agus maoiniú na hOifige. | Scaoilte | 30 Lúnasa 2018 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 28 Iúil 2018 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 16 Lúnasa 2018 |
| 27 Iúil 2018 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/ Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 16 Lúnasa 2018 |
| 27 Iúil 2018 | Iarraidh maidir leis na Pearsana atá freagrach as an iniúchadh ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. | Scaoilte | 16 Lúnasa 2018 |
| 17 Iúil 2018 | Taifid a bhaineann le cuntais Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann do 2017. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 16 Lúnasa 2018 |
| 16 Bealtaine 2018 | Taifid a bhaineann le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/ Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 30 Bealtaine 2018 |
| 19 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus GBCN. | Diúltaithe agus ní raibh aon taifid le scaoileadh | 16 Bealtaine 2018 |
| 18 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Permanent TSB agus le Páirtithe Eile. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |
| 13 Aibreán 2018 | Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann/Finance Ireland Ltd. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |
| 12 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Permanent TSB agus le Páirtithe Eile. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |
| 12 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Permanent TSB. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |
| 12 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann /Barclays Bank/Bibby Financial Services. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014/ Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |
| 12 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 14 Bealtaine 2018 |
| 12 Aibreán 2018 | Taifid a bhaineann le Permanent TSB agus le Páirtithe Eile. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 14 Bealtaine 2018 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 23 Márta 2018 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar an gClár Fionnachtana do na blianta 2011, 2012 agus 2013. | Páirtscaoilte | 23 Aibreán 2018 |
| 27 Feabhra 2018 | Taifid a bhaineann le moilleanna ar chuntais a chur isteach. | Diúltaithe | 20 Márta 2018 |
| 8 Eanáir 2018 | Taifid a bhaineann le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. | Tarraingthe Siar | 12 Eanáir 2018 |
| 8 Nollaig 2017 | Taifid a bhaineann le rátaí cánach corparáide éifeachtacha do gach aon cheann den 100 cuideachta ilnáisiúnta is mó. | Diúltaithe | 18 Nollaig 2017 |
| 30 Lúnasa 2017 | Taifid a bhaineann le géilleadh táillí don Státchiste arna mbailiú ag Cláraitheoirí Contae agus iad ag gníomhú mar fhoshirriamaí. | Diúltaithe | 19 Meán Fómhair 2017 |
| 1 Lúnasa 2017 | Taifid a bhaineann le soláthar foirne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. | Páirtscaoileadh taifead a sealbhaíodh mar chuid den iarraidh | 30 Lúnasa 2017 |
| 29 Meitheamh 2017 | Tuarascálacha, taifid nó imscrúduithe a bhaineann le drochfhiachais chánach. | Páirtscaoilte | 29 Meitheamh 2017 |
| 17 Bealtaine 2017 | Taifid a bhaineann le fostaíocht in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. | Páirtscaoilte | 15 Meitheamh 2017 |
| 12 Aibreán 2017 | Taifid a Bhaineann le Díolachán an scairdeitleáin *Gulf Stream*. | Diúltaithe | 10 Bealtaine 2017 |
| 8 Márta 2017 | Taifid a bhaineann le hiniúchadh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí. | Diúltaithe | 6 Aibreán 2017 |
| 3 Márta 2017 | Taifid a bhaineann leis an iniúchadh ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2015. | Diúltaithe | 13 Márta 2017 |
| 9 Feabhra 2017 | Costas na seirbhísí dlí a tabhaíodh agus an cineál oibre a rinneadh in 2015 agus 2016. | Páirtscaoilte | 1 Márta 2017 |
| 10 Eanáir 2017 | Liosta na Mainnitheoirí Cánach. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 13 Eanáir 2017 |
| 9 Eanáir 2017 | Comhfhreagras idir OCAG agus an Roinn Airgeadais agus Coimisiún Thithe an Oireachtais maidir le caiteachais comhaltaí. | Scaoilte | 2 Feabhra 2017 |
| 19 Lúnasa 2016 | Taifid a bhaineann le Comhairle Oilimpeach na hÉireann. | Diúltaithe | 7 Meán Fómhair 2016 |
| 5 Lúnasa 2016 | Ábhair Tuairiscithe Fhéideartha. | Diúltaithe | 12 Lúnasa 2016 |
| 14 Aibreán 2016 | Taifid a bhaineann leis an eachtra ar a dtugtar ‘The Panama Papers’ i mBéarla. | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 29 Aibreán 2016 |
| 9 Feabhra 2016 | An Tairiscint a Bhuaigh - Athbhreithniú Comhad Gan Ullmhú. | Diúltaithe | 7 Márta 2016 |

| Dáta a Fuarthas an Iarraidh | Taifid Iarrtha[a] | Cinneadh | Dáta Freagartha |
|---|---|---|---|
| 25 Eanáir 2016 | Comhaid Iniúchóireachta a bhaineann leis an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil | Níor Sealbhaíodh aon Taifid | 15 Feabhra 2016 |
| 19 Deireadh Fómhair 2015 | Sonraí faoi na comhlachtaí a bhfuil nochtadh cosanta déanta ina leith. | Diúltaithe | 17 Samhain 2015 |
| 1 Bealtaine 2015 | Sonraí faoi shocruithe rialachais agus nósanna imeachta um nochtadh cosanta. | Scaoilte | 22 Bealtaine 2016 |
| 15 Aibreán 2015 | Sonraí faoi chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cistiú na hOifige. | Scaoilte | 30 Aibreán 2015 |
| 14 Aibreán 2015 | Sonraí faoi chomhfhreagras idir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Airgeadais, GNBS agus GBCN. | Diúltaithe faoi Alt 42(g) d'Acht 2014 | 20 Aibreán 2015 |
| 13 Márta 2014 | Taifid a bhaineann le cumasc beartaithe Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil. | Scaoilte | 10 Aibreán 2014 |

**Nóta:**

a Tabhair faoi deara go bhféadfadh an fhoclaíocht a úsáidtear sa cholún 'Taifid Iarrtha' a bheith ina hachoimre ar na taifid iarrtha agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh sí aithris a dhéanamh i gcónaí ar fhoclaíocht na hiarrata bhunaidh.

**Tagairtí reachtacha:**

***Alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014***
Féadfaidh ceann a ndéanfar iarraidh saorála faisnéise chuige nó chuici diúltú géilleadh don iarraidh más rud é: nach ann don taifead lena mbaineann nó nach féidir é a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil sé.

***Alt 15(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014***
Féadfaidh ceann a ndéanfar iarraidh saorála faisnéise chuige nó chuici diúltú géilleadh don iarraidh más rud é: gurb é tuairim an chinn gur ghá, dá ngéillfí don iarraidh, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtaifead lena mbaineann nó ar chineál na faisnéise lena mbaineann, líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú, nó scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena mbaineann ar scrúdú de shórt é, go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann (lena n-áirítear cur isteach ar obair i limistéar feidhme áirithe).

**Alt 15(1)(d) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014**
Tá an fhaisnéis san fhearann poiblí cheana féin.

***Alt 42(g) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014***
Níl feidhm ag an Acht seo: maidir le taifead a bhaineann le hiniúchadh, cigireacht, imscrúdú nó scrúdú arna dhéanamh nó arna déanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1923 go 1993, faoi na *Exchequer and Audit Department Acts, 1866 and 1921*, nó faoi aon achtachán eile, seachas
(i) taifead den sórt sin a cruthaíodh roimh thosach an imscrúdaithe, an iniúchta, na cigireachta nó an scrúdaithe réamhráite, nó
(ii) taifead a bhaineann le riaradh ginearálta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Alt 36(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014***
Faoi réir fho-alt (2), diúltóidh ceann géilleadh d’iarraidh saorála faisnéise más rud é go bhfuil sa taifead lena mbaineann—

(b) faisnéis airgeadais, tráchtála, eolaíochta nó theicniúil, nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh caillteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an duine sin i seoladh na gairme nó an ghnó atá aige nó aici nó thairis sin ina shlí bheatha nó ina slí bheatha.

***Alt 12 (3) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014***
I gcás go bhfaighidh comhlacht saorála faisnéise iarraidh agus nach bhfuil an taifead nó na taifid lena mbaineann i seilbh an chomhlachta ach go bhfuil sé nó siad, go bhfios don cheann, i seilbh comhlacht saorála faisnéise eile amháin nó níos mó, cuirfidh an ceann faoi deara, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an iarraidh a fháil, cóip den iarraidh a thabhairt do cheann an chomhlachta eile nó, de réir mar a bheidh, do cheann an chomhlachta amháin sin de na comhlachtaí eile—
(a) a bhfuil, i dtuairim an chinn, an bhaint is dlúithe ag a fheidhmeanna le hábhar na dtaifead lena mbaineann, nó
(b) arb é is mó is cuí thairis sin, i dtuairim an chinn